

» **AG BRISEADH MÚNLAÍ** An Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 2006 - 2010

Polasaí agus Straitéis Ealaíne Poiblí - Chomhairle Chontae Dhún na nGall

» FOCAL ÓN BHAINISTEOR CONTAE AGUS Ó MHÉARA AN CHONTAE

2

» ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

3

» CÚLRA

- Cad é an rud é Ealaín Phoiblí? 6
- Cúlra Scéim an Chéatadáin don Ealaín 7
- An Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 8

» POLASAÍ EALAÍNE POIBLÍ


9

» PLEAN EALAÍNE POIBLÍ

Ag Briseadh Múnlaí' An Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 2006 – 2010

- Réamhrá 14
- Na Trí Réimse Seachadta 15
 - 1. Réimse na Cónaitheachta 15
 - 2. Réimse an tSainchomhthéacs 16
 - 3. An Réimse Taighde agus Forbartha 17
- Struchtúr agus Seachadadh 18
- An Turasóireacht Chultúrtha 19
- Gníomhaireacht Ealaíne Poiblí do Dhún na nGall 20
- Rol na mball tofa 20
- Meastóireacht 20
- Eolas Teagmhála agus eile 21
- Aguisín 22

» CLÁR



» FOCAL ÓN BHAINISTEOR CONTAE AGUS Ó MHÉARA AN CHONTAE



An Dá Nóinín - Walker & Walker

Is é atá san fhoilseachán seo uasdátú ar ár bpolasaí Ealaíne Poiblí de réir na dTreoirlínte Ginearálta Náisiúnta 2004 agus seoladh **Ag Briseadh Múnlaí An Ealaín Phoiblí i nDún na nGall, 2006 – 2010.**

Tugann coimisiúnú na hEalaíne Poiblí, fríd Scéim an Chéatadáin don Ealaín, deis don phobal réimse an-leathan ealaíne comhaimseartha a bhlaiseadh ina saol laethúil agus tugann sé deis agus dúshlán don ealaíontóir saothar ealaíne a chruthú a rachadh i bhfeidhm ar an phobal agus a spreagfadh iad. Mar thoradh ar ár mórchlár forbartha bonneagair le roinnt blianta anuas, tá buiséad suntasach ag Comhairle Chontae Dhún na nGall faoi Scéim an Chéatadáin don Ealaín, agus táthar ag iarraidh, tríd an phlean seo, clár comhordaithe ardaidhmeannach oibre a chur i bhfeidhm sna cúig bliana amach romhainn, ag baint úsáide as an bhuiséad seo.

Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall bródúil as a Rannóg Seirbhísí Cultúrtha chomhtháite agus chuimsitheach, agus tá Clár Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall ina chuid lárnach den tseirbhís seo le fada an lá. Is mian linn gach rath a ghuí ar an phlean seo agus tá lánmhuinín againn as fuinneamh agus as fadbhreathnaitheacht ár mBainisteora Ealaíne Poiblí Terre Duffy leis an phlean ardaidhmeannach spreagúil seo a thabhairt chun tosaigh.

Micheál Mac Giolla Eoin
Bainisteoir Contae

An Clr. Éanna Mac Cnáimhsí
Méara Contae

» ACHOIMRE

Is iad na hÚdaráis Áitiúla an dream is mó a dhéanann an ealaín phoiblí in Éirinn a choimisiúnú, agus tá Scéim an Chéatadáin don Ealaín curtha i bhfeidhm ar dhóigheanna éagsúla acu. Tá sé ar cheann de na réimsí is tábhachtaí oibre ar dhá chúis; mar gheall ar na buiséid shuntasacha atá ar fáil, ar thaobh amháin, agus as siocair go mbaineann sé le hobair úr ealaíne a chruthú chomh maith.



Pléascadh Farraige -
Cillian Rogers & Imelda Peppard

Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall aitheanta mar údarás a bhfuil cur chuige éagsúil agus solúbtha aige maidir le coimisiúnú ealaíne, idir shealadach agus bhuan. Tarraingíodh na coimisiúin ó réimse leathan d'ealaíona éagsúla fosta, na hamharcealaíona, na gníomhealaíona, ealaín an phobail agus an litríocht san áireamh. Cuireadh an bhéim i gcónaí ar shaothar úr bunaidh a chothú don chomhthéacs áitiúil go sonrach, agus bhí an pobal páirteach agus gníomhach i gcuid de na coimisiúin. Tá taifead cuimsitheach ar ár gcuid coimisiún ar fad go dtí seo, chomh maith le sonraí faoin obair atá ar siúl againn san am i láthair, ar fáil ar shuíomh idirlín na hEalaíne Poiblí ag www.donegalpublicart.ie. Úsáidfear an suíomh idirlín seo fosta mar bhonn fá choinne táirge úr ar leith turasóireachta cultúrtha a fhorbrófar i gcomhpháirt le Turasóireacht an Iarthuaiscirt maidir le buansaothar ealaíne súl a chothú taobh istigh den chontae.

Tá Clár Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall ar an saol ó 1990, agus go dtí seo ceadaíodh agus críochnaíodh chóir a bheith daichead saothar ealaíne i rith oibreacha bóthair, tithíochta, seirbhísí uisce, leabharlainne agus stáisiún dóiteáin.

Tharla an chéad choimisiún ealaíne poiblí de chuid Chomhairle Chontae Dhún na nGall i 1990, mar atá **Bás Saimir** i mBéal Átha Seanaidh, le Fred Conlon nach maireann, agus úsáideadh Scéim an Chéatadáin don Ealaín. I 1995 bhunaigh Comhairle Chontae Dhún na nGall Coiste Oibre Ealaíne Poiblí, ceann de na chéad choistí dá chineál in Éirinn, agus a bhfuil freagracht

ghinearálta air go fóill as Clár na hEalaíne Poiblí. I 1998, ghlac an Chomhairle le Polasaí Ealaíne Poiblí don chontae. I 1999, chuir Comhairle Chontae Dhún na nGall tús le cur chuige cláraithe agus coimeádaithe maidir le coimisiúnú ealaíne poiblí agus go mall i 2004 fáiltíodh roimh cheapachán Terre Duffy, Bainisteoir Ealaíne Poiblí, le Clár Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall a bhainistiú, le polasaithe a athbhreithniú agus le Straitéis Ealaíne Poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don chontae.

Aithníonn Comhairle Chontae Dhún na nGall nach bhfónfadh cur chuige cineálach nó foirmleach i leith coimisiúnaithe do gach tionscadal. Mar sin de, bunófar agus tástálfar cur chuige a mbeidh éagsúlacht agus solúbthacht ann maidir le coimisiúnú, bunaithe ar na réimsí coimisiúnaithe seo a leanas: Réimse na Cónaitheachta, Réimse an tSainchomhthéacs agus An Réimse Taighde agus Forbartha.

Is cuid fhíorthábhachtach de sholáthar na seirbhíse cultúrtha i gComhairle Chontae Dhún na nGall í an Ealaín Phoiblí, agus go minic bíonn an réimse sin den ealaín phoiblí a bhíonn i ngleic leis an saol sóisialta, a mbíonn cuid de na cleachtais is mórchlúití agus is úrchruthaithí go hidirnáisiúnta ina measc, bíonn baint aige leis an cheantar áitiúil agus cuireann sé deiseanna ar leith forbartha ar fáil dúinne i nDún na nGall. Is é an cuspóir atá ag **Ag Breiseadh Múnlaí' An Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 2006-2010** ná clár Cónaitheachtaí Ealaíne Poiblí a fhorbairt, atá treoraithe ag ealaíontóirí agus a théann i



Meall an Ghabha - Na Máistirghaibhne

ngleic le ceisteanna sóisialta, agus a ndéanfar cuid de a chur i bhfeidhm i gcomhpháirt le hIonad Réigiúnach Cultúrtha Chomhairle Chontae Dhún na nGall i gcomhthéacs sholáthar ginearálta cultúrtha na Comhairle. Fáiltímid roimh an chomhpháirtíocht le CREATE ar fhorbairt Réimse na Cónaitheachta, agus roimh an taithí agus an saineolas atá acu ar an ealaín a phléann leis an saol sóisialta. Is eagraíocht náisiúnta í CREATE, maoinithe ag An Chomhairle Ealaíon, a bhfuil sé de chuspóir aici forbairt agus cleachtadh na n-ealaíon in Éirinn a chothú. Is é CREATE a rinne Scéim an Ealaíontóra sa Phobal a bhainistiú ar son na gComhairlí Ealaíon le roinnt blianta.

Tá níos mó i gceist le hEalaín Phoiblí a choimisiúnú ná an réiteach is follasaí agus is buaine a sholáthar don phobal,

mar d'fhágfadh sin gur dhóigh nach ealaín fhíornuálach a chruthófaí. Is é atá i gceist ná próiseas comhphlé agus leathnú scóipe sa mhéid is nach féidir leis an phobal a mhian a chur in iúl i leith an ní sin nach bhfuil taithí faighte go fóill aige air. Mar sin féin, ba rómhinic gur bhac sa phróiseas coimisiúnaithe é an faitíos faoi chonspóid a thógáil. Meastar brú millteanach a bheith ar ealaíontóirí a bheith faichilleach san obair, aithris a dhéanamh ar an rud atá déanta cheana féin, agus gan an bád a luascadh, agus thig leis seo droch-thionchar a imirt ar an fhís agus ar an uaillmhian a bhaineann le tionscadal. Mar sin féin, creideann Comhairle Chontae Dhún na nGall nach gcaitheann ealaín phoiblí atá éifeachtach anuas ar a pobal ná nach gcoinníonn sí sásta é, agus gur chóir céad rogha na coitiantachta a chur i gcomórtas leis an mhian atá ann “dul i bhfeabhas” agus leis an éileamh atá ann ó thaobh cáilíochta, cruthaitheachta agus gairmiúlachta seasmhaí de.

I réimse coimisiúnaithe an tsainchomhthéacs, féachfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall le conradh a dhéanamh le coimeádaí gairmiúil chun cuidiú linn scrúdú a dhéanamh ar an phróiseas coimisiúnaithe agus chun ealaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a aithint le réimse den saothar ealaíne is spreagúla agus is cruthaithí a sheachadadh thar thréimhse an phlean.

Is gné thábhachtach d'ealaín phoiblí ardcháilíochta í an bhunúlacht, agus tá sé de rún daingean ag Comhairle

Chontae Dhún na nGall an timpeallacht riachtanach, a thacaíonn leis an fhís ealaíonta agus an smaointeoireacht chruthaitheach is uaillmhianaí, a chruthú. Is é seo an fáth, in **Ag Briseadh Múnlaí' An Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 2006-2010**, gur chruthaigh muid réimse coimisiúnaithe ar leith a chothaíonn deiseanna le dul i mbun taighde agus tástála, agus fáiltímid roimh an chomhpháirtíocht le INTERFACE – an tIonad Taighde Ealaíne, Teicneolaíochta agus Dearaidh de chuid Ollscoil Uladh, Rannóg na Físealaíne i mBéal Feirste faoi stiúthóireacht an Ollaimh Declan McGonagle, iar-Stiúrthóir Iarsmalann Nua-Ealaíne na hÉireann agus Ionad Ealaíne na Cathrach, Baile Átha Cliath. Tá INTERFACE gníomhach i gcineálacha úra comhoibrithe agus i múnlaí úra oibre a chruthú go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus ar bhonn trasteorann i gcomhthéacs na hÉireann. Tríd an chaidreamh agus an chomhpháirtíocht seo le INTERFACE thig le Comhairle Chontae Dhún na nGall a bheith i dteagmháil go díreach le cleachtas agus plé cruthaitheach, fuinniúil, ardtábhachtach, idir áitiúil agus idirnáisiúnta, sa réimse seo den Ealaín Phoiblí agus den Ealaín os comhair an Phobail. Mar chuid den réimse taighde agus forbartha seo, tá sé i gceist ag Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Chontae Dhún na nGall Comhdháil Idirnáisiúnta ar an Ealaín Phoiblí a reáchtáil i nDún na nGall i 2009.



» CÚLRA



Ag dul ar fostó - Maurice Harron



» CAD É AN RUD É EALAÍN PHOIBLÍ?



Crainn Sí agus Liosanna - Artlink

Agus a sinmhíniú leathan á tabhairt di is iomaí crot agus is iomaí feidhm a d'fhéadfadh a bheith leis an ealaín phoiblí. D'fhéadfadh gur ábhar bróid ag an phobal nó ábhar díospóireachta spreagúla í. D'fhéadfadh gur teagasc mórálta nó siamsaíocht a bhainfeadh léi. D'fhéadfadh sí a bheith ina foinse pléisiúir agus sóláis phríobháidigh, nó ina comhartha féin-aitheantais agus iniaimh i bpobail. Cé go gceanglaítear an ealaín phoiblí go traidisiúnta agus go príomha le dealbhóireacht bhuan taobh amuigh – tá réimse níos leithne féidearthachtaí ag teacht chun cinn le roinnt blianta anuas ar a n-áirítear ailtireacht, péintéireacht, grianghrafadóireacht, ceol, litríocht, scannánaíocht, déantús físe, ealaín na fuaime, ealaín talaimh agus na gníomh-ealaíona éagsúla ar nós na drámaíochta, damhsa, ceoldrámaíochta, léirfheidhmiú agus ealaín bheo.



Crainn Sí agus Liosanna - Artlink

» CÚLRA SCÉIM AN CHÉATADÁIN DON EALAÍN

Úsáidtear an téarma **Scéim an Chéatadáin don Ealaín** go ginearálta le cur síos ar an chóras ina gcuirtear céatadán den chostas tionscadail chaipitil ar fáil le saothar ealaíne a choimisiúnú.

Tháinig scéim an chéatadáin don ealaín chun tosaigh i dtús ama sna Stáit Aontaithe agus san Eoraip sna 1920aidí, ach tháinig borradh ceart fúithi sna 1950aidí. Mar sin féin, níor tháinig sí go hÉirinn go dtí 1978 nuair a bhunaigh Oifig na nOibreacha Poiblí scéim de réir phrionsabail an Chéatadáin don Ealaín. I 1986, bhunaigh an Roinn Comhshaoil a macasamhail de scéim a raibh an “Scéim Maisithe Ealaíne” mar theideal uirthi. Rinneadh cinneadh i 1994 athbhreithniú a dhéanamh ar an dá scéim agus ba é an toradh a bhí air sin ná gur foilsíodh Tuairisc an Choiste Stiúrtha um Thaighde Ealaíne Poiblí don Rialtas, (Tuairisc PART). I 1997, de réir moltaí a bhí i dTuairisc PART, cheadaigh an Rialtas athbhreithniú agus leathnú na scéimeanna a bhí ann cheana féin go dtí gach roinn rialtais a raibh buiséad tógála aici. I 2004, foilsíodh na Treoirlínte Náisiúnta, a fhéachann le cur chuige coitianta náisiúnta a sholáthar maidir le Scéim an Chéatadáin don Ealaín.

Tugann Scéim an Chéatadáin don Ealaín deis don phobal réimse iontach leathan ealaíne comhaimseartha a bhlaiseadh ina saol laethúil agus tugann sí deis agus dúshlán don ealaíontóir saothar ealaíne a chruthú a rachadh i bhfeidhm ar an phobal agus a spreagfadh iad. Is iad na húdaráis Áitiúla an dream is mó a dhéanann an ealaín phoiblí in Éirinn a choimisiúnú, agus tá Scéim an Chéatadáin don Ealaín curtha i bhfeidhm ar dhóigheanna éagsúla acu. Tá sé ar cheann de na réimsí is tábhachtaí oibre ar dhá chúis; mar gheall ar na buiséid shuntasacha atá ar fáil, ar thaobh amháin, agus as siocair go mbaineann sé le hobair úr ealaíne a chruthú chomh maith. Tá buiséad an Chéatadáin don Ealaín socraithe de réir na dteorainneacha atá leagtha amach in Aguisín 1.

Is é a bhí mar chuspóir le foilsiú Ealaín Phoiblí: Scéim an Chéatadáin don Ealaín: Treoirlínte Ginearálta Náisiúnta i 2004 ná, don chéad uair riamh, féachaint le cur chuige coitianta náisiúnta a fhorbairt maidir le hEalaín Phoiblí a choimisiúnú. Is í an aidhm a atá leo ná soiléireacht agus comhsheasmhacht a bhaint amach i nósanna imeachta, ionas go mbeadh oscailteacht agus solúbthacht sna próisis phleanála, roghnúcháin agus athbhreithnithe agus ionas go bhféadfaí cleachtais an choimisiúnaithe a thabhairt céim eile chun cinn.



» AN EALAÍN PHOIBLÍ I NDÚN NA NGALL

Soilsíú - Claire McLaughlin



Tá Clár Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall ar an saol le breis agus 10 mbliana, agus go dtí seo ceadaíodh agus críochnaíodh chóir a bheith daichead saothar ealaíne. Tá taifead cuimsitheach ar ár gcuid coimisiún ar fad go dtí seo ar fáil ar shuíomh idirlín na hEalaíne Poiblí i nDún na nGall ag **www.donegalpublicart.ie**

Bunaíodh cur chuige éagsúil agus solúbtha maidir le coimisiúnú ealaíne agus tarraingíodh na coimisiúin, idir shealadach agus bhuan, ó réimse leathan d'ealaíona éagsúla fosta, na hamharcealaíona, na gníomhealaíona, ealaín an phobail agus an litríocht san áireamh. Cuireadh an bhéim i gcónaí ar shaothar úr bunaidh a chothú don chomhthéacs áitiúil go sonrach, agus bhí an pobal páirteach agus gníomhach i gcuid de na coimisiúin. Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall bródúil as a Rannóg Seirbhísí Cultúrtha chomhtháite agus chuimsitheach, agus tá Clár Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall le fada an lá ina chuid lárnach den tseirbhís seo. Agusín 2

1990: An chéad choimisiún ealaíne poiblí de chuid Chomhairle Chontae Dhún na nGall a bhain úsáid as Scéim an Chéatadáin don Ealaín.

1995: Bhunaigh Comhairle Chontae Dhún na nGall Coiste Oibre Ealaíne Poiblí, a bhfuil freagracht ghinearálta air as an Chlár Ealaíne Poiblí. Is í aidhm an choiste oibre comhairle a chur ar fáil agus díospóireacht chriticiúil a spreagadh maidir le foirmiú polasaí, ionas go mbainfeadh Comhairle Chontae Dhún na nGall an úsáid is mó agus is féidir as Scéim an Chéatadáin don Ealaín trí phleananna ilbhliantúla a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, agus treor agus tacaíocht a chur ar fáil don Bhainisteoir Ealaíne Poiblí.

1998: Ghlac an Chomhairle le Polasaí Ealaíne Poiblí don chontae a d'fhéach le healaín phoiblí a fhorbairt trí úsáid éifeachtach a bhaint as Scéim an Chéatadáin don Ealaín de chuid na Roinne Comhshaoil mar chuid lárnach dá clár iomlán cultúrtha.

1999: Chuir Comhairle Chontae Dhún na nGall tús le cur chuige cláraithe agus coimeádaithe i leith choimisiúnú ealaíne poiblí.

2004: Bainisteoir Ealaíne Poiblí ceaptha le bainistiú a dhéanamh ar Chlár Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall, athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe agus Straitéis Ealaíne Poiblí don chontae a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

2006: Seoladh **www.donegalpublicart.ie** Suíomh Idirlín Ealaíne Poiblí agus **Ag Briseadh Múnlaí' An Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 2006-2010**

» POLASÁÍ EALAÍNE POIBLÍ





An Cosán Glas Cois Farraige / Aisling - Annjo Carr

» FÍS

Féachann Comhairle Chontae Dhún na nGall le clár a chur i bhfeidhm a leanfaidh le tacaíocht a chur ar fáil agus a spreagfaidh ealaín phoiblí bhunaidh uailmhianach d'ardchaighdeán, a bhfuil sé d'aidhm aici caighdeán idirnáisiúnta a bhaint amach ó thaobh úrchruthaitheachta, samhlaíochta, foirfeachta, cleachtais chomhaimseartha ealaíne agus luach ar airgead, in achan chineál ealaíne, a rachaidh i bhfeidhm ar, a spreagfaidh, a bheofaigh agus a dhéanfaidh ceangal leis an mhórphobal nó leis an phobal áitiúil.

» AIDHM

Is í an aidhm atá againn in **Ag Briseadh Múnlaí' An Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 2006-2010** imeacht ó choimisiúin aonaracha agus clár coimisiún a reáchtáil ina n-úsáidtear Buiséid an Chéatadáin don Ealaín, a thógtar de réir toghcheantair, bunaithe ar na Treoracha seo a leanas:

» TREOIRPHRIONSABAIL

- Bunófar agus tástálfar cur chuige ina mbeidh éagsúlacht agus solúbthacht i leith coimisiúnaithe, bunaithe ar na réimsí coimisiúnaithe seo a leanas:
 - Réimse na Cónaitheachta
 - Réimse an tSainchomhthéacs
 - An Réimse Taighde agus Forbartha.
- Bealaí úra cruthaitheacha - a chothaíonn próiseas na healaíne trí chomhpháirtíochtaí, thaighde, thástáil agus sheachadadh - a lorg, a scrúdú agus a dhoiciméadú.

- Gach deis a thapú go gníomhach le hEalaín Phoiblí a phoibliú agus a chur in iúl, ó tharlaíonn in áit na garaíochta í le eispeiris inrochtana chultúrtha a thairiscint don phobal.
- Deiseanna comhphlé agus foghlamtha a chruthú go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Leanfaidh an Clár Ealaíne Poiblí mar chuid lárnach de Sheirbhís Chultúrtha Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus déanfar an clár a fhorbairt trí dheiseanna comh-oirithe a fhorbairt an oiread agus is féidir taobh istigh de Sheirbhísí Cultúrtha Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus trí chomhpháirtíochtaí le soláthraithe Seirbhísí Cultúrtha eile, idir chontae-bhunaithe agus náisiúnta, An Chomhairle Ealaíon san áireamh.
- Féachfaidh an Clár Ealaíne Poiblí, nuair is cuí, le dul i ngleic leis na cuspóirí atá aitheanta in An Straitéis, Straitéis Chontae Dhún na nGall 2002-2012, a d'ullmhaigh Bord Forbartha Chontae Dhún na nGall.
- Féachann an Clár Ealaíne Poiblí le deiseanna forbartha a scrúdú do Chnuasach Ealaíne Chomhairle Chontae Dhún na nGall, atá á bhainistiú san am i láthair ag an Ionad Réigiúnach Cultúrtha
- Cuirfear i bhfeidhm **Ag Briseadh Múnlaí' An Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 2006-2010** de réir na dTreoirínte Ginearálta Náisiúnta – 2004.

» ROGHANNA COIMISIÚNAITHE

D'fhéadfadh coimisiúin a bheith buan, sealadach, cónaitheach nó bunaithe ar thaighde.

» FOIRM EALAÍNE

Féachfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall go gníomhach le nádúr agus réimse na saothar ealaíne a leathnú amach ó na cinn siúd atá aitheanta go traidisiúnta leis an Ealaín Phoiblí.

» PRÓISEAS TAIRISCEANA


Beidh an próiseas tairisceana bunaithe ar lomaíocht Oscailte, lomaíocht Theoranta, Painéal Ealaíontóirí, Cuireadh Díreach nó Ceannach mar atá leagtha amach in Ealaín Phoiblí, Treoirínte Náisiúnta 2004.

» COMHCISTIÚ

Moltar an maoiniú a chomhchistiú le go mbeadh níos mó solúbthachta sa phróiseas coimisiúnaithe. Féachfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall ar an rogha maidir le comhchistiú a dhéanamh ar bhuiséid ó thionscail bheaga chaipitil taobh istigh de thoghcheantair nó trasna toghcheantar éagsúil. Moltar sa pholasaí dul i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla eile, le ranna rialtais eile agus le gníomhaireachtaí contae-bhunaithe le clár Ealaíne Poiblí éifeachtúil a ghnóthú.

» AN GHNÉ SHÓISIALTA

Tá cuid de na cleachtais idirnáisiúnta is mó clú agus is cruthaithí bainte le healaín phoiblí atá i ngleic le cúrsaí



The Old Seminary - Frank Galligan

sóisialta, ina dtagann an t-ealaíontóir agus an pobal le chéile le saothar ealaíne a chruthú, agus is minic a bhíonn baint áitiúil i gceist agus cruthaíonn sé deiseanna ar leith forbartha. Féachann **Ag Briseadh Múnlaí' An Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 2006-2010** le Tionscadail Ealaíne Poiblí a théann i ngleic le cúrsaí sóisialta a fhorbairt, a bheas mar chuid de sholáthar ginearálta cultúrtha na Comhairle, agus a bheas bunaithe ar eiseamláirí dea-chleachtais i leith na forbartha áitiúla.

» CEANGAL LEIS AN PHOBAL

Tá rathúlacht ár gClár Ealaíne Poiblí ag brath cuid mhór ar an dóigh a ndéantar, a gcuirtear in iúl, agus a dtuigtear na naisc idir na healaíontóirí, an ealaín agus an pobal. Dá bhrí sin, déanfar tionscnaimh oideachasúla, idirghabhála agus tógáil lucht féachana a fhorbairt (ms. Tionscadail oideachasúla, seimineáir, cainteanna, comhdhálacha) a fhéachfaidh le comhphlé gníomhach a spreagadh idir an t-ealaíontóir, an ealaín agus an pobal, agus ar an dóigh sin cur le tuilleadh féidearthachtaí i dtaca le ceangail níos éifeachtúla de.

» SUÍOMH

Maidir le saothar ealaíne buan ar shuíomh, aithnítear go bhféadfadh an "suíomh" a bheith fíorthábhachtach i dtaca le coimisiún a shocrú de agus nuair is cuí go mbeidh an t-ealaíontóir páirteach i roghnú an tsuímh/áite i gcomhar le Comhairle Chontae Dhún na nGall agus go gcothófaí agus go nglacfaí le cur chuige solúbtha maidir le roghnú suímh agus/nó áite.

» CAOMHNÚ, COTHABHÁIL AGUS CÓIRIÚ

Beidh an Bainisteoir Ealaíne Poiblí freagrach as scrúdú leanúnach na nOibreacha Ealaíne Poiblí agus ullmhóidh sí plean bliantúil oibre maidir le caomhnú agus cothabháil nuair is cuí. D'fhéadfaí costais chartlannaíochta, stórála agus thaispeántais a bheith i gceist le "cothabháil" chomh maith, agus tiocfaidh gach ceann de na costais seo faoi Scéim an Chéatadáin don Ealaín. Lena chinntiú go gcoinneofar gach saothar úr ealaíne slán sábháilte sna blianta atá le teacht, ba chóir go mbeadh sceideal cothabhála mar chuid d'obair agus de chonradh coimisiúnaithe an ealaíontóra. Oibreoidh an Oifig Ealaíne Poiblí i gcomhpháirt leis na hOifigí Ceantair leis an talamh thart ar na saothair ealaíne a chothabháil ar bhonn leanúnach.

» TAIFEADADH AGUS DOICIMÉADÚ

Tabharfar aird ar dhoiciméadú d'ardchaighdeán le gach coimisiún ealaíne poiblí a phoibliú, a chothú agus a thaifeadadh. Is féidir doiciméadú maith a úsáid ar mhaithe le heolas poiblí i bhfeachtas poiblíochta, mar ábhar taighde, le cur le tionscadail oideachasúla agus mar áis ranga, mar ábhar meastóireachta agus mar shochar comhchineáil d'ealaíontóirí. Ceapfar doiciméadaí neamhspleách grianghrafadóireachta i leith gach coimisiúin le forbairt leanúnach an tionscadail, agus an obair chríochnúil, a dhoiciméadú go rialta.

» ATHLONNÚ AGUS DÍCHOIMISIÚNÚ

I gcúinsí áirithe, ar chúiseanna praiticiúla nó cruthaitheacha, d'fhéadfaí go gcaithfí saothar ealaíne a athlonnú nó próiseas díchoimisiúnaithe a thaiseacht.

D'fhéadfadh seo a bheith amhlaidh nuair atá deireadh a thréimhse réamhshocráithe sroichte ag an saothar, nuair nach n-áitíonn an saothar an suíomh a raibh sé deartha fána choinne, nuair atá luachanna an tsaothair as dáta agus seanchaite, nó nuair a mheasann Comhairle Chontae Dhún na nGall go bhfuil a ré thart. Beidh sé de ról ag an Choiste Oibre Ealaíne Poiblí ceist athlonnaithe nó díchoimisiúnaithe a phlé ó chás go chéile. Déanfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall cinnte go mbeidh an t-athlonnú agus an díchoimisiúnú clúdaithe sna conarthaí a thabharfar d'ealaíontóirí.

» COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

Scrúdóidh an Clár Ealaíne Poiblí roghanna maidir le comhoibriú le heagrais chultúrtha eile, idir chontae-bhunaithe agus neamhchontae, agus le Ranna Rialtais eile agus scrúdóidh siad féidearthachtaí comhoibrithe ar bhonn trasteorann.



An Cosán Glas Cois Ferraige / Aisling - Anjo Carr

» BORD FORBARTHA CONTAE

I nDún na nGall, tá Ranna éagsúla Rialtais agus Eagrais Stáit ag toiseacht ar Ealaín Phoiblí a choimisiúnú trí Scéim an Chéatadáin don Ealaín. Thar thréimhse an phlean, scrúdóidh Comhairle Chontae Dhún na nGall, mar eagrais ceannasach ar an Bhord Forbartha Contae, roghanna agus deiseanna le cur chuige straitéiseach, comhordaithe agus comhtháite a fhorbairt don chontae ar fad sa Chlár Ealaíne Poiblí.

» ACMHAINN D'EALAÍN PHOIBLÍ I GCONTAE DHÚN NA NGALL

Beidh an Bainisteoir Ealaíne Poiblí ar fáil le gníomhú mar acmhainn ar Fhorbairt Ealaíne Poiblí taobh istigh den chontae agus tá sí ar fáil le heolas agus comhairle a chur ar fáil nuair is gá. Ós rud é gur mian le roinnt spéisghrúpaí saothair ealaíne a choimisiúnú go neamhspleách, cuirfidh Oifig Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall treoirlínte barr-chleachtais ar fáil maidir le nósanna imeachta coimisiúnaithe.

» CUR CHUIGE DÍREACH

Níl Scéim an Chéatadáin don Ealaín ar fáil do dhaoine aonarach ná do choistí ar mian leo saothar ealaíne a choimisiúnú go neamhspleách ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall, mar shampla, ar chúiseanna cuimhneacháin.

» TREOR COIMEÁDAITHE

Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall, nuair is cuí, tiomanta do rannpháirtíocht na n-ealaíontóirí mar chomhairleoirí, choimeádaithe agus ghairmithe ealaíne ionas go bhféadfaí próisis agus saothair ardcháilíochta ealaíne a chur i ngníomh.

» **AG BRISEADH MÚNLAÍ'**

Plean Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall 2006 – 2010



Ráth an Aonaigh - Niall Bruton

» RÉAMHRÁ

Tugann coimisiúnú na hEalaíne Poiblí, fríd Scéim an Chéatadáin don Ealaín, deis don phobal réimse an-leathan ealaíne comhaimseartha a bhlaiseadh ina saol laethúil agus tugann sé deis agus dúshlán don ealaíontóir saothar ealaíne a chruthú a rachaidh i bhfeidhm ar an phobal agus a spreagfaidh iad. Tá an Clár Ealaíne Poiblí ar cheann de na réimsí is tábhachtaí oibre atá ag Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Chontae Dhún na nGall, mar gheall ar na buiséid shuntasacha atá ar fáil, ar thaobh amháin, agus as siocair go mbaineann sé le hobair úr ealaíne a chruthú chomh maith.

Tá buiséid aitheanta don Chlár Ealaíne Poiblí ó chláracha forbartha caipitil sna Stiúrthóireachtaí Tithíochta, Seirbhísí Uisce agus Bóithre. Beidh na buiséid seo teoranta do na sé thoghcheantar as ar tógadh an buiséad, ach amháin sa chás go bhfuil gá le comhoibriú idir-chontae.

- Toghcheantar Dhún na nGall
- Toghcheantar na nGleanntach
- Toghcheantar Inis Eoghain
- Toghcheantar Leitir Ceanainn
- Toghcheantar Bhaile na nGallóglach
- Toghcheantar Shrath an Urláir

Aithníonn Comhairle Chontae Dhún na nGall nach bhfónfadh cur chuige cineálach nó foirmleach i leith coimisiúnaithe do gach tionscadal. Mar sin de, aithníodh na trí réimsí coimisiúnaithe seo a leanas ó thaobh seachadta de:

- Réimse na Cónaitheachta
- Réimse an tSainchomhthéacs
- An Réimse Taighde agus Forbartha

Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall bródúil as a Rannóg Seirbhísí Cultúrtha chomhtháite agus chuimsitheach, agus tá Clár Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall ina chuid lárnach den tseirbhís seo le fada an lá.

» NA TRÍ RÉIMSE SEACHADTA



Aolchloch Punta - Brendan McGloin

» RÉIMSE NA CÓNAITHEACHTA

Réamhrá

Is cuid fhiorthábhachtach de sholáthar na seirbhíse cultúrtha i gComhairle Chontae Dhún na nGall í an Ealaín Phoiblí, agus go minic bíonn an réimse sin den ealaín phoiblí a bhíonn i ngleic leis an saol sóisialta, a mbíonn cuid de na cleachtais is mórchlúití agus is úrchruthaithí go hidirnáisiúnta ina measc, bíonn sé bainteach leis an cheantar áitiúil, féindírthe agus ag dul i ngleic leis an chomhthéacs áitiúil. Cuireann sé deiseanna ar leith forbartha ar fáil dúinne i nDún na nGall. Is é an cuspóir atá ag **Ag Briseadh Múnlaí' An Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 2006-2010** ná clár Cónaitheachtaí Ealaíne Poiblí a fhorbairt, atá treoraithe ag ealaíontóirí agus a théann i ngleic leis an chomhthéacs sóisialta, agus a dhéanfar i gcomhthéacs sholáthar ginearálta cultúrtha na Comhairle

Aidhm

Is í aidhm an réimse seo ná cur ar chumas ealaíontóirí comhoibriú le pobail chun saothar ealaíne poiblí atá cruthaitheach agus uailmhianach a chruthú. Is é atá i gceist ná saothair agus eispeiris ealaíne “bhreisluacha” seachas “shaorluacha” a fhorbairt. Is í an aidhm tionscadail ealaíne atá, agus a bheas, mar chuid éifeachtúil d’eispeireas an ghnáthshaoil a fhorbairt.

Cur i bhfeidhm

Déanfar an réimse seo a chur i bhfeidhm gcomhpháirt le hIonad Réigiúnach Cultúrtha Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus CREATE. Is é atá in CREATE eagrais náisiúnta ealaíne atá maoinithe ag An Comhairle Ealaíon le tacú le forbairt agus cleachtadh ealaíne in Éirinn agus a bhfuil bainistiú déanta acu ar Scéim an Ealaíontóra sa Phobal do na Comhairlí Ealaíon le roinnt blianta. www.create-ireland.ie. Cuirfear 21 cónaitheacht san iomlán i bhfeidhm thar thréimse an phlean, mar a léirítear thíos.

Toghcheantar Inis Eoghain:	6 Chónaitheacht
Toghcheantar Dhún na nGall:	4 Chónaitheacht
Toghcheantar na nGleanntach:	4 Chónaitheacht
Toghcheantar Leitir Ceanainn:	2 Chónaitheacht
Toghcheantar Bhaile na nGallóglach:	2 Chónaitheacht
Toghcheantar Shrath an Urláir:	2 Chónaitheacht
Clár Cóiríochta don Lucht Siúil:	1 Chónaitheacht

Thar thréimhse an phlean, beidh Ionad Réigiúnach Cultúrtha Dhún na nGall i gceannas ar dhá chónaitheacht déag, dhá cheann in achan toghcheantar.

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil

Bunófar Coimisiún Ealaíne Poiblí ar leith le plé le buiséad Scéim an Chéatadáin don Ealaín a éiríonn as Clár Cóiríochta Chomhairle Chontae Dhún na nGall don Lucht Siúil. Cuirfear an coimisiún cónaitheachta seo i bhfeidhm i gcomhar le Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall.



» RÉIMSE AN TSAINCHOMHTHÉACS

Réamhrá

Tá níos mó i gceist le hEalaín Phoiblí a choimisiúnú ná an réiteach is follasaí agus is buaine a sholáthar don phobal, mar d'fhágfadh sin gur dhóigh nach ealaín fhiornuálach a chruthófaí. Is é atá i gceist ná próiseas comhphlé agus leathnú scoípe sa mhéid is nach féidir leis an phobal a mhian a chur in iúl i leith an ní sin nach bhfuil taithí faighte go fóill aige air. Mar sin féin, ba rómhinic gur bhac sa phróiseas coimisiúnaithe é an faitíos faoi chonspóid a thógáil. Meastar brú millteanach a bheith ar ealaíontóirí a

bheith faichilleach san obair, aithris a dhéanamh ar an rud atá déanta cheana féin, gan an bád a luascadh, agus thig leis seo droch-thionchar a imirt ar an fhís agus ar an uailmhian a bhaineann le tionscadal. Mar sin féin, creideann Comhairle Chontae Dhún na nGall nach gcaitheann ealaín phoiblí atá éifeachtach anuas ar a pobal ná nach gcoinníonn sí sásta é, agus gur chóir céad rogha na coitiantachta a chur i gcomórtas leis an mhian atá ann “dul i bhfeabhas” agus leis an éileamh atá ann ó thaobh cáilíochta, cruthaitheachta agus gairmiúlachta seasmhaí de.

Aidhm

Is í aidhm an réimse seo tacú le huaillmhian ealaíonta i gcruthú saothar cruthaitheach samhlaíoch i gcomhthéacs ar leith, a thrasnóidh na foirmeacha ealaíne agus a d'fhéadfadh a bheith sealadach nó buan.

Cur i bhfeidhm

Leis an réimse seo a chur i bhfeidhm féachfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall le conradh a dhéanamh le coimeádaí gairmiúil le cuidiú linn scrúdú a dhéanamh ar an phróiseas coimisiúnaithe agus le healaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a aithint le saothair spreagúla chruthaitheacha a sheachadadh thar thréimhse an phlean.

Bóithre Náisiúnta

Táthar ag dréim go gcuirfear tús leis na trí scéim bhóithre seo a leanas thar thréimhse an phlean, maoinithe ag an

Údarás um Bóithre Náisiúnta: Barr an tSléibhe Céim 2, Seachbhóthar Bhealach Féich/Shrath an Urláir, Mainéar Uí Chuinneagáin go dtí an Srath Bán, agus úsáidfear Scéim an Chéatadáin don Ealaín ó na hoibreacha seo sa réimse coimisiúnaithe seo.

Clár Caipitil Forbartha Leabharlainne

Is áis iontach fóillíochta, eolais agus foghlamtha í Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae Dhún na nGall, a bhfuil 17 leabharlann aici ar fud an chontae san am i láthair chomh maith le ceannáras riaracháin dá cuid féin. Thar thréimhse an phlean, féachfaidh an clár forbartha caipitil leabharlainne le leabharlanna úra pobail a thógáil i mBaile Dhún na nGall agus i mBealach Féich/Srath an Urláir chomh maith le Ceannáras úr Seirbhísí Cultúrtha. Pléifear le buiséad an Chéatadáin don Ealaín, ag éirí as an chlár tógála seo, faoin réimse seo de **Ag Briseadh Múnlaí' An Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 2006-2010.**

Clár Tógála na Stáisiún Dóiteáin

Faoin réimse seo den tsainchomhthéacs, bunófar Coimisiún Ealaíne Poiblí ar leith le plé le Clár Caipitil Sheirbhís Dóiteáin Chomhairle Chontae Dhún na nGall trí chomhchistiú a dhéanamh ar airgead ó Scéim an Chéatadáin don Ealaín. Beidh an Bainisteoir Ealaíne Poiblí ag comhoibriú go dlúth le Príomhoifigeach Dóiteáin Chomhairle Chontae Dhún na nGall, Prionsias Ó Ciaráin, leis an choimisiún seo a chur i gcrích.

» RÉIMSE TAIGHDE AGUS FORBARTHA

Réamhrá

Is gné thábhachtach d'ealaín phoiblí ardcháilíochta í an bhunúlacht, agus tá sé de rún daingean ag Comhairle Chontae Dhún na nGall an timpeallacht riachtanach, a thacaíonn leis an fhís ealaíonta agus an smaointeoireacht chruthaitheach is uailmhianaí, a chruthú. Is é seo an fáth, in **Ag Briseadh Múnlaí' An Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 2006-2010**, gur chruthaigh muid réimse coimisiúnaithe ar leith a chothaíonn deiseanna le dul i mbun taighde agus tástála.

Aidhm

Is é aidhm an réimse seo deiseanna a scrúdú maidir le modhanna úra coimisiúnaithe. Sa réimse seo éascófar moltaí maidir le suiteálacha aon-uaire, idir bhuan agus neamhbhuan, tionscadail idirdhisciplíneacha ealaíne agus idirghabhálacha. D'fhéadfaí tionscadail taighde, staidéir féidearthachtaí agus tionscadail oideachasúla phróiseasbhunaithe a bheith mar chuid den réimse seo, chomh maith le moltaí, cainteanna, taispeántais agus comhdhálacha ar Ealaín Phoiblí.

Cur i bhfeidhm

Fáiltíonn Comhairle Chontae Dhún na nGall roimh an chomhpháirtíocht le INTERFACE – Ealaín os comhair an Phobail, an tIonad Taighde Ealaíne, Teicneolaíochta agus Dearaidh de chuid Ollscoil Uladh, Rannóg na Físealaíne i mBéal Feirste faoi stiúrtóireacht an Ollaimh Declan McGonagle, iar-Stiúrthóir Iarsmalann Nua-Ealaíne na hÉireann agus Ionad Ealaíne na Cathrach, Baile Átha Cliath. Tá INTERFACE gníomhach i gcineálacha úra comhoibrithe agus i múnlaí úra oibre a chruthú go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus ar bhonn trasteorann i gcomhthéacs na hÉireann. Tríd an chaidreamh agus an chomhpháirtíocht seo le INTERFACE thig le Comhairle Chontae Dhún na nGall a bheith i dteagmháil go díreach le cleachtas agus plé cruthaitheach, fuinniúil, ardtábhachtach, idir áitiúil agus idirnáisiúnta, sa réimse seo den Ealaín Phoiblí agus den Ealaín os comhair an Phobail.

Mar chuid den Réimse Taighde agus Forbartha seo, tá sé i gceist ag Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Chontae Dhún na nGall Comhdháil Idirnáisiúnta ar “An Ealaín os comhair an Phobail” a reáchtail i 2009.



Crainn Sí agus Liosanna - Artlink



» STRUCHTÚR AGUS SEACHADADH

» FOIREANN

Beidh rathúlacht an phlean seo ag brath ar an fhoireann seo a leanas:

- Bainisteoir Ealaíne Poiblí: beidh feidhm bhainistithe straitéisigh aici ag leibhéal an Oifigigh Riaracháin.
- Cúntóir Ealaíne Poiblí: beidh feidhm bhainistithe oibríochta i gceist ag leibhéal an Oifigigh Foirne
- Coimeádaí: déanfaidh an coimeádaí na barr-chleachtais agus na healaíontóirí is fearr, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, le saothair spreagúla agus chruthaitheacha a sheachadadh, agus beidh an post seo ar bhonn conartha.

» PAINÉAL COMHAIRLEACH EALAÍNE

Bunófar Painéal Comhairleach Ealaíne fosta le tacú le cur i bhfeidhm **Ag Briseadh Múnlaí' Plean Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall 2006 – 2010.**

Beidh an Bainisteoir Ealaíne Poiblí, Stiúrthóir Ealaíne an Ionaid Réigiúnaigh Chultúrtha, Oifigeach Ealaíne Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus saineolaithe eile ar an ealaín phoiblí, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, ina mbaill den phainéal comhairleach seo. Is í an fheidhm a bheas ag an Phainéal Comhairleach Ealaíne ná:

- Tacaíocht chruthaitheach a chur ar fáil don Bhainisteoir Ealaíne Poiblí agus don Choiste Oibre Ealaíne Poiblí.
- Comhairle a thabhairt maidir le dea-chleachtas áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Díospóireacht chriticiúil agus moltaí a dhéanamh ar chinntí ealaíne a bhaineann le cur i bhfeidhm rathúil **Ag Briseadh Múnlaí' Plean Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall 2006 – 2010.**
- Moltaí a chur chun tosaigh maidir le pleananna oibre cothromaithe.
- Moltaí a chur chun tosaigh maidir le doiciméid choimrithe agus painéil roghnúcháin

» TURASÓIREACTH CHULTÚRTHA

Tá an fhís i leith na turasóireachta i nDún na nGall, mar atá aitheanta in An Straitéis, Straitéis Chontae Dhún na nGall 2002-2012 a d'ullmhaigh an Bord Forbartha Contae, bunaithe ar an chultúr, ar an oidhreacht, ar an teanga agus ar an timpeallacht ar leith atá ag Dún na nGall. Féachfaidh Seirbhís Chultúrtha Chomhairle Chontae Dhún na nGall le seo a chur san áireamh mar chuid dá Plean Seirbhísí Cultúrtha 2006-2009 trí dheiseanna a thapú an Turasóireacht Chultúrtha a chothú, agus beifear ag comhoibriú le Turasóireacht an Iarthuaiscirt leis na deiseanna seo a chur i ngníomh. Tá go leor fianaise doiciméadaithe ann a insíonn dúinn go bhfuil an turasóir géarchúiseach chuig an Iarthuaisceart ar lorg táirge turasóireachta a bhaineann le cultúr ar leith an cheantair áitiúil. In **Ag Briseadh Múnlaí' Plean Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall 2006 – 2010**, féachfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall le deiseanna a thapú chun an chnuasach reatha de dhealbhoireacht phoiblí, atá ag méadú i rith an ama, a chothú trí Shuíomh Idirlín Ealaíne Poiblí a fhorbairt, chomh maith le comharthaíocht ghaolmhar agus ábhair mhargaíochta. Déanfar an tionscnamh turasóireachta cultúrtha seo a sheachadadh i gcomhpháirt le Turasóireacht an Iarthuaiscirt.





Soilsíú - Claire McLaughlin

» GNÍOMHAIREACHT EALAÍNE POIBLÍ DO DHÚN NA NGALL

I 1997, cheadaigh an Rialtas leasú agus leathnú Scéim an Chéatadáin don Ealaín chuig gach Roinn Rialtais a raibh buiséid thógála acu, agus ón am sin tá an Scéim á cur i bhfeidhm ar dhóigheanna éagsúla ag Ranna Rialtais agus ag eagrais stáit anseo i nDún na nGall.

Ón bhliain 2000, tá Bord Forbartha Contae nó Cathrach (BFC) bunaithe ag achan údarás áitiúil in Éirinn. Tá ionadaíocht ar na Boird seo ón Rialtas Áitiúil, Eagrais Stáit, Forbairt Áitiúil, Páirtnéirí Sóisialta agus an Earnáil Phobail agus Dheonach. Is í príomhaidhm na BFCanna ná seirbhís a chomhordú.

Is mian le Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte na féidearthachtaí a scrúdú maidir le Gníomhaireacht Ealaíne Poiblí don chontae a bhunú, bunaithe ar chur chuige an BFC maidir le seirbhísí a chomhordú agus a chomhtháthú do gach Roinn Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit a dtig leo teacht ar Scéim an Chéatadáin don Ealaín. Bheadh an cur chuige seo go hiomlán úr go náisiúnta, agus cé go mbeadh sé dúshlánach, d'fhéachfadh sé le cur chuige straitéiseach idir-ghníomhaireachta a bhunú leis an Phlean Ealaíne Poiblí fíor-chontaebhunaithe, is spreagúla agus is uailmhianaí, a chur i bhfeidhm. Agus é ag feidhmiú i gcomhthéacs an Bhord Forbartha Contae, chinnteodh sé cur chuige comhordaithe, an úsáid is fearr á baint as acmhainní, agus cruthú sineirgíochtaí. Déanfar cleachtais Eorpacha agus idirnáisiúnta a mheas, mar shampla, Stroom, a bunaíodh i 1990 i gcathair na Háige, An Ísiltír. Aguisín 3.

» ROL NA mBALL TOFA

Tá 29 ball tofa ar Chomhairle Chontae Dhún na nGall faoi láthair, agus iad mar chroilár an daonlathais éifeachtaigh áitiúil. Mar chuid den choimhlint maidir le hionadaíocht áitiúil i gcur i bhfeidhm **Ag Briseadh Múnlaí' Plean Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall 2006 – 2010**, tá sé i gceist go n-ainmneofaí ball tofa amháin ó gach ceann de na sé thoghcheantar le páirt a ghlacadh in Oiliúint do Phainéal Roghnúcháin Ealaíne Poiblí agus a bheith ar fáil le hionadaíocht a dhéanamh ar son a dtoghcheantar ar Phainéal Roghnúcháin Ealaíne Poiblí. Tiocfaidh an t-ainmniúchán ó na Coistí Toghcheantair.

» MEASTÓIREACHT

Féachfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall le meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar chur i bhfeidhm **Ag Briseadh Múnlaí' Plean Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall 2006 – 2010** agus tuairisc achomair agus moltaí a chur ar fáil a úsáidfear le cinntí a dhéanamh maidir le haon chlár coimisiún sa todhchaí.



» EOLAS TEAGMHÁLA AGUS EILE



Tionscadal Teilgin - Anna Heindrick & Leon Palmer

» TEAGMHÁIL

Terre Duffy

Bainisteoir Ealaíne Poiblí

Comhairle Chontae Dhún na nGall

Leabharlann an Chontae, Cnoc na Rós,

Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall

Guthán: + 353 (0) 74 91 21968

Facs: + 353 (0) 74 91 21740

Ríomhphost: terre.duffy@donegalcoco.ie

www.donegalpublicart.ie

» COISTE OIBRE EALAÍNE POIBLÍ CHOMHAIRLE CHONTAE DHÚN NA NGALL

Jim Holohan, Cathaoirleach, Stiúrthóir Seirbhíse, Uisce, Timpeallacht agus Éigeandáil

Terre Duffy, Rúnaí, Bainisteoir Ealaíne Poiblí

Eileen Burgess, Leabharlannaí an Chontae / Bainisteoir Rannóige, Seirbhísí Cultúrtha

Shaun Hannigan, Stiúrthóir Ealaíne, Ionad Réigiúnach Cultúrtha Dhún na nGall

Traolach Ó Fionnáin, Eagraí Ealaíne Contae

Javed Iqbal, Ailtire Sinsearach Contae

Miriam Bonar, Airgeadas

Joe Peoples, Seirbhísí Corparáideacha

Eunan Sweeney, Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin, Seirbhísí Corparáideacha

Carmel Gallagher, Dearadh Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall

» BUÍOCHAS

Téacs: Terre Duffy, Bainisteoir Ealaíne Poiblí

Dearadh: www.marleydesign.com

Aistriúchán: Seán Ó Daimhín, Oifigeach Forbartha Gaeilge

Clúdach Iomhá: Bothán Rocach - Richard Wayman



» AGUISÍN

» AGUISÍN 1

BUISÉID SCÉIM AN CHÉATADÁIN DON EALAÍN

Féadann tionscadail thógála a bhfuil costas suas le €2,550,000 ag baint leo uasbhuiséad ealaíne de €25,500 a bheith acu.

Do thionscadail a chosnaíonn idir €2,550,000 agus €6,300,000 ceadaítear 1% breise (suas go dtí €12,500), rud a fhágann uasbhuiséad ealaíne de €38,000.

Do thionscadail a chosnaíonn idir €6,300,000 agus €12,700,000, ceadaítear 1% breise (suas go dtí €13,000), rud a fhágann uasbhuiséad ealaíne de €51,000.

Do thionscadail a chosnaíonn níos mó ná €12,700,000, ceadaítear 1% deiridh (suas go dtí €13,000), rud a fhágann uasbhuiséad ealaíne de €64,000.

» AGUISÍN 3

STROOM, AN ÍSILTÍR – EISEAMLÁIR DE GHNÍOMHAIREACHT EALAÍNE POIBLÍ

Bunaíodh Stroom i 1990 i gcathair na Háige mar institiúid neamhspleách atá freagrach as an pholasáí comhaimseartha ealaíne, coimisiúnú agus caiteachas ealaíne sa chathair.

Tá clú mór idirnáisiúnta bainte amach ag Stroom dá chlár ealaíne poiblí, go háirithe dá shaothair in áiteanna poiblí agus dá dhearadh uirbeach. Tá chur chuige roghnaíoch, atá níos solúbtha agus níos freagrúlaí san am chéanna, i leith coimisiúnaithe agus dhearadh uirbigh i bhfeidhm, bunaithe ar pholasáí ar ghilac an chathair leis, agus trí gach cuid de Scéim an Chéatadáin don Ealaín sa Háig a chomhchistiú san aon chuntas amháin. Chomh maith le saothar buan, féadann siad tionscadail shealadacha a chur i ngníomh fosta, agus déantar díospóireachtaí agus taighde a spreagadh. Déanann Stroom ealaíontóirí a choimisiúnú ón Háig, chomh maith le healaíontóirí idirnáisiúnta, agus tá comhthéacs leathnaithe síorathraitheach cruthaithe acu fá choinne ealaíne, lucht féachana agus ealaíontóirí.

» AGUISÍN 2

